Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5194/25**

**CO EUR-PREP 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 agus 21 Márta 2025)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Díreoidh an Chomhairle Eorpach ar a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

## III. AN TIOMAÍOCHAS

Mar obair leantach ar na conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2024 agus ar Dhearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa, agus i bhfianaise na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal 'Compás Iomaíochais' an 29 Eanáir 2025 agus chun tacú leis an nuálaíocht, leis an infheistíocht, leis an gcóineasú, leis an bhfás, leis an nascacht agus leis an athléimneacht eacnamaíoch, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas go háirithe:

– a iarraidh go ndéanfar iarrachtaí ar gach leibhéal, gan mhoill, chun creat rialála soiléir simplí cliste a áirithiú, agus chun ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe ar ghnólachtaí a laghdú go tapa i bhfianaise na teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 maidir le cur chun feidhme agus simpliú;

– a iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí uile ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, chun soláthar flúirseach inacmhainne glan fuinnimh a dhaingniú agus chun fíor-Aontas Fuinnimh a thógáil, go háirithe trí mhargadh fuinnimh an Aontais a chomhtháthú agus a idirnascadh go hiomlán;

– a athdhearbhú a phráinní atá sé dul chun cinn tapa cinntitheach a dhéanamh maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochtaí a fhorbairt, agus béim ar leith á leagan ar Aontas na Margaí Caipitil, chun coigilteas a shlógadh, na hinfheistíochtaí is gá a scaoileadh agus dlús a chur le comhtháthú airgeadais, d'fhonn tacú le hiomaíochas an Aontais;

- ionchur agus treoir a chur ar fáil ar mhaithe le straitéis chothrománach de chuid an Aontais a bhfuiltear ag súil léi faoi mhí an Mheithimh 2025, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair;
- a iarraidh go leanfaí ar aghaidh leis an obair chun athnuachan thionsclaíoch agus dícharbónú na hEorpa a dhaingniú agus chun fás phríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail thraidisiúnta atá i mbun aistriú;
- iarrachtaí breise a spreagadh chun feabhas a chur ar chruthú, ar choinneáil agus ar aithint scileanna ar fud an Aontais;
- díriú ar thosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2025 agus iarrfar uirthi an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a fhormhuiniú.

## IV. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE AGUS ACMHAINNÍ DÍLSE NUA

Beidh an chéad seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus maidir le hAcmhainní Dílse nua.

## V. AN IMIRCE

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na conclúidí uaithi maidir leis an imirce.

## VI. NA HAIGÉIN

Roimh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin atá ar na bacáin, tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar cheist na n-aigéan ina ghnéithe éagsúla, i bhfianaise an tionscnaimh atá le teacht ón gCoimisiún i ndáil le Comhaontú Eorpach maidir leis na hAigéin chomh maith.

## VII. <u>AN CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.